# BOOÁCDL

## Beartas um Bogearraí & Seirbhísí 3ú Páirtí

Leagan 1.2

# Clár na nÁbhar


**1 Stair Athbhreithnithe .......... 3**

1.1 Dáileadh .......... 3

**2 Réamhrá .......... 5**

2.1 Cuspóir an Doiciméid seo .......... 5
2.2 Raon Feidhme .......... 5
2.3 Athbhreithniú, Formheas agus Feabhsú Leanúnach Beartais .......... 5
2.4 Sainmhínithe .......... 6
2.5 Sainmhínithe a úsáidtear ar fud na mbeartas liostaithe .......... 6

**3 Beartas um Bogearraí & Seirbhísí 3ú Páirtí .......... 8**

**4 Forfheidhmiú .......... 13**

**5 Tagairtí .......... 14**

5.1 Tagairt A Tagairtí Seachtracha .......... 14
5.2 Tagairt B Tagairtí Inmheánacha .......... 14
5.3 Tagairt C An Caighdeán Eorpach um Inrochtaineacht Dhigiteach .......... 15
5.4 Tagairt D Soláthar Poiblí Glas .......... 15

**6 Aguisíní .......... 16**

6.1 Aguisín A Caighdeáin Bhonnlíne um Chibearshlándáil le haghaidh sheirbhísí TFC an Rialtais 16
6.2 Aguisín B Próiseáil Leanúnachais Gnó/Athshlánú ó Thubaistí .......... 17
6.3 Aguisín C Príomhchéimeanna maidir le Bogearraí agus Seirbhísí Tríú Páirtí a Fháil 18

# 1 Stair Athbhreithnithe

| Leagan | Dáta | Údar | Formheasta ag | Achoimre ar Athruithe |
|---|---|---|---|---|
| 1.0 | 11/12/23 | Paul Byrne | SLT agus OSD | Tógtha ó dhréachtbheartas Seachfhoinsithe agus Éadálacha O&A BOOÉ. |
| 1.1 | 15/02/24 | Paul Byrne | SLT agus OSD | Nuashonrú le haghaidh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 |
| 1.2 | 03/07/24 | Paul Byrne | SLT agus OSD | Athbhreithniú le Siobhán Lynch.<br>Athainmniú ó Sheachfhoinsiú & Éadálacha go Bogearraí & Seirbhísí 3ú Páirtí. |

## 1.1 Dáileadh

| Leagan | Dáta | Liosta na bhFaighteoirí | Formheasta ag: |
|---|---|---|---|
| 1.0 | 11/12/23 | SLT agus OSD | |
| 1.1 | 15/02/24 | SLT agus OSD | |
| 1.2 | 03/07/24 | SLT agus OSD | |

# 2 Réamhrá

## 2.1 Cuspóir an Doiciméid seo

Is é cuspóir an bheartais seo ná

- Bainistíocht na mbogearraí agus na seirbhísí a leagan amach lena n-áirítear iad siúd a sheachfhoinsítear chuig tríú páirtithe.
- Céimeanna bainistíochta riosca a leagan amach chun aon Sonraí Corparáideacha **BOOÁCDL** a chosaint lena n-áirítear Sonraí Íogaire dá dtugtar rochtain tríú páirtí. Ceanglaítear le bainistíocht riosca go gcomhlíonann seirbhísí tríú páirtí na caighdeáin slándála agus cháilíochta atá leagtha amach.
- Róil & freagrachtaí na dtríú páirtithe agus foireann **BOOÁCDL** a shoiléiriú maidir le monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí tríú páirtí, caidrimh a bhainistiú agus conarthaí a bhainistiú.

Tá comhlíonadh an bheartais seo ina chuid de cheanglais rialachais **BOOÁCDL**.

## 2.2 Raon Feidhme

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir le gach ball foirne de BOOÁCDL a iarrann bogearraí agus seirbhísí agus le páirtithe seachtracha a sholáthraíonn bogearraí agus seirbhísí den sórt sin do **BOOÁCDL.** Tá feidhm ag an mbeartas seo ón dáta eisiúna agus ní rachaidh sé in éag seachas sa chás go gcuirfear beartas eile ina ionad.

## 2.3 Athbhreithniú, Formheas agus Feabhsú Leanúnach Beartais

I gcomhréir le dea-chleachtas, d'fhaomh ardbhainistíocht an beartas seo, chomh maith lena thiomantas chun cosaint Shonraí Corparáideacha **BOOÁCDL** ar fad a fheabhsú go leanúnach lena n-áirítear Sonraí Íogaire agus cosaint na sonraí pearsanta i gcás ina bhfuil **BOOÁCDL** ina rialtóir nó ina phróiseálaí.

Déanfaidh ardbhainistíocht an doiciméad seo a athbhreithniú gach bliain ar a laghad chun ailíniú le ceanglais bainistíochta riosca iomchuí agus dea-chleachtas maidir le bainistíocht soláthair agus teagmhálacha tríú páirtithe le **BOOÁCDL** a chinntiú.

## 2.4 Sainmhínithe

## 2.5 Sainmhínithe a úsáidtear ar fud na mbeartas liostaithe

- **BYOD** – "Beir Leat Do Ghléas Féin" - an cleachtas chun cead a thabhairt d'fhostaithe eagraíochta a ríomhairí, a bhfóin chliste nó a ngléasanna eile a úsáid chun dualgais fostaíochta a chomhlíonadh;
- **Sonraí Corparáideacha** – ciallaíonn an téarma sonraí ar bith á gcoimeád ag BOOÁCDL lena n-áirítear, sonraí a bhaineann lena airgeadas, cánacha, fostaithe, custaiméirí, mic léinn agus foghlaimeoirí, soláthraithe agus an gnó, ach gan a bheith teoranta dóibh;
- **Sonraí** - Tagraíonn an téarma sonraí d'fhaisnéis lena n-áirítear faisnéis a stóráiltear nó a tharchuirtear i bhformáid leictreonach;
- **Réiteach Bainistíochta Gléis** - is cineál bainistíochta nó teicneolaíochta slándála é lena gcuirtear ar chumas riarthóirí TF monatóireacht a dhéanamh ar ghléasanna corparáideacha nó faoi úinéireacht phearsanta a ritheann thar chórais oibriúcháin iolracha, iad a bhainistiú agus a shlánú;
- **Criptiú** – an próiseas chun faisnéis a chomhshó ionas nach féidir le daoine neamhúdaraithe í a léamh;
- **HTTPS** - Is é an prótacal slánaistrithe hipirtéacs (HTTPS) an leagan slán de HTTP, arb é an príomhphrótacal a úsáidtear chun sonraí a sheoladh idir brabhsálaí gréasáin agus suíomh gréasáin. Tá HTTPS criptithe chun slándáil an aistrithe sonraí a mhéadú;
- **Faisnéis** - Tagraíonn an téarma faisnéis d'eolas is féidir a stóráil in aon fhoirm, cibé acu i bhfoirm chlóite nó leictreonach;
- **MFA**– Fíordheimhniú Ilmhodha, is próiseas é ina ndéantar céannacht úsáideora a fhíorú tuilleadh trí ghlao gutháin, feidhmchlár fíordheimhnitheora, siogairlín slán nó cód a sheoltar trí ríomhphost, SMS nó aon mhodh tánaisteach chun céannacht úsáideora a fhíorú;
- **ní mór** – a thagraíonn do ghníomh atá ina cheanglas sna beartais;
- **Próiseáil** – ciallaíonn sé aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar thacair sonraí pearsanta, cibé acu trí mhodhanna uathoibrithe nó nach ea, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, comhairliúchán, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó cur ar fáil ar shlí eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, glanadh nó scriosadh;
- **ba cheart** – tagraíonn sé do ghníomh ba chóir a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh cúis bhailí a bheith ann neamhaird a dhéanamh de mhír ar leith i gcúinsí áirithe. [Sa chás sin, ní mór na himpleachtaí iomlána a thuiscint, a mheas go cúramach [agus a thaifeadadh] sula roghnófar bealach difriúil];
- **Sonraí Íogaire** – Cuirfear cosc ar na sonraí go léir atá aicmithe mar shonraí íogaire tráchtála nó mar shonraí faoi phribhléid, nó ar shonraí Catagóire Speisialta mar atá sainmhínithe ag an RGCS sa chaoi is gur sonraí pearsanta iad a nochtann bunús cine nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha, nó ballraíocht ceardchumainn, agus próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun

duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann le sláinte nó sonraí maidir le saol gnéis nó claonadh gnéis duine nádúrtha;

- **Sonraí Pearsanta** – mar atá sainmhínithe ag an RGCS, ciallaíonn sé aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta ('ábhar sonraí'); is ionann duine nádúrtha inaitheanta agus duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó do ghné amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le sainiúlacht fhisiciúil, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;
- Bonneagar **Teicneolaíochta** – Gach teicneolaíocht ríomhaireachta, nascachta agus néalóstaithe atá faoi úinéireacht nó faoi bhainistiú BOOÁCDL agus a thríú páirtithe ar conradh;
- **TLS** – Is prótacal slándála é Slándáil Shraith an Iompair (SSL) lena soláthraítear príobháideachas agus sláine sonraí le haghaidh cumarsáide ar líne;
- **Úsáideoir** – tagraíonn sé d'fhostaí, bíodh sé lánaimseartha nó páirtaimseartha, conraitheoir, intéirneach, comhpháirtí, comhairleoir, duine nó eagraíocht sheachtrach, agus folaíonn sé foghlaimeoir nó mac léinn chomh maith. Tuilleadh:
    - **Úsáideoir Inmheánach** – tagraíonn sé sin do bhall foirne lánaimseartha nó páirtaimseartha atá fostaithe go díreach, intéirneach, foghlaimeoir, mac léinn, tuismitheoir/caomhnóir foghlaimeora nó mic léinn faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.
    - **Úsáideoir Seachtrach** – cuimsíonn sé conraitheoirí, comhpháirtithe agus / nó comhairleoirí, daoine aonair agus eagraíochtaí seachtracha.

# 3 Beartas um Bogearraí & Seirbhísí 3ú Páirtí

Ní mór go gcomhlíonfaidh gach díoltóir tríú páirtí (lena n-áirítear comhpháirtithe gnó) agus gach soláthraí seirbhíse beartais agus ceanglais slándála **BOOÁCDL**.

1) Ba cheart go mbeadh beartais slándála shainmhínithe dá gcuid féin ag an tríú páirtí, ar cheart go dtacódh nósanna imeachta doiciméadaithe leo, agus i gcomhréir le Beartais Slándála **BOOÁCDL**. Ba cheart iad sin a chur ar fáil do **BOOÁCDL** arna n-iarraidh sin.

2) Ba cheart go gcomhlíonfadh gach seachfhoinsiú nó malartú faisnéise treoirlínte RGCS agus an Beartas um Chosaint Sonraí.

3) Ní mór aon athruithe ar an gcaoi a gcomhlíonann an tríú páirtí Beartas um Bogearraí & Seirbhísí 3ú Páirtí agus caighdeáin de chuid **BOOÁCDL** a thaifeadadh i scríbhinn agus iad a bheith sínithe ag an dá pháirtí.

4) Caithfidh sé a bheith de cheart ag **BOOÁCDL**, ar feadh thréimhse a chomhaontaithe leis an tríú páirtí, athbhreithnithe slándála a dhéanamh, a d’fhéadfadh a bheith i bhfoirm bréagionsaithe tástála, ag am comhaontaithe agus oiriúnach, chun a chinntiú go bhfuil leibhéal iomchuí cosanta slándála ag sonraí. Má tá measúnuithe ar shlándáil fhisiceach ag teastáil, féadfaidh gá a bheith le measúnú ar shlándáil fhisiceach neamhsceidealaithe gan réamhfhógra a thabhairt don tríú páirtí.

5) Ní mór go mbeidh clásal sonrach i scríbhinn ag gach comhaontú conarthach leis an tríú páirtí ina luaitear go bhfuil sé de cheart ag **BOOÁCDL** iniúchadh a dhéanamh ar aon seirbhís a sheachadtar thar a cheann, le réamhfhógra. Ní mór gach toradh agus gach moladh a dhoiciméadú agus a chur i láthair os comhair an tsoláthraí seirbhíse tríú páirtí agus ardbhainistíocht **BOOÁCDL** le haghaidh cur chun feidhme laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

6) Ní mór don tríú páirtí pointe teagmhála lárnach a ainmniú, leis an Rannóg TFC, maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le slándáil chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   **a)** Acmhainní cibearshlándála soláthraithe a shannadh;
   **b)** Idirphlé le **BOOÁCDL** ar cheanglais chibearshlándála;
   **c)** Ceanglais chibearshlándála a chur chun feidhme i gcomhréir leis na Beartais seo;
   **d)** Tuarascálacha míosúla ar chibearshlándáil a sholáthar más infheidhme;
   **e)** Ceanglais an bheartais seo a chomhordú le fochonraitheoirí sa chás go bhfuil socrú den sórt sin comhaontaithe le **BOOÁCDL**
   **f)** Córais agus pearsanra a chur ar fáil lena gcuirtear ar chumas **BOOÁCDL** iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha a dhéanamh laistigh de na paraiméadair atá comhaontaithe ag **BOOÁCDL** agus ag Soláthraí, agus soláthar do na Seirbhísí cibearshlándála agus na doiciméid a choinneáil agus

a nochtadh a comhaontaíodh go soláthrófaí iad chun tacú le hiniúchtaí **BOOÁCDL**;

**g)** Cabhrú le Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí a chríochnú (DPIAnna) nuair a iarrtar;

**h)** Ceanglais agus moltaí na gComhaontuithe Próiseála Sonraí (DPAnna) agus na Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIAnna) a chomhaontú.

7) Nuair is gá faisnéis **BOOÁCDL** atá aicmithe mar fhaisnéis le hÚsáid go hInmheánach Amháin nó níos airde a chur ar aghaidh chuig duine nó cuideachta nach le- **BOOÁCDL** iad nó rochtain a sholáthar dóibh uirthi, ní mór Comhaontú um Neamhnochtadh (NDA) a chomhlánú **sula** malartaítear aon fhaisnéis.

   Ag deireadh socruithe den sórt sin, ní mór Sonraí Corparáideacha, faisnéis agus meáin de chuid **BOOÁCDL** a aisghabháil más ábhartha. Baineann sé sin le tríú páirtithe agus fochonraitheoirí, sa chás go bhféadfaidh an tríú páirtí an fhaisnéis a sheachfhoinsiú.

8) Ní mór go dtagrófar i ngach doiciméid RFI/RFP/RFT (Iarraidh ar Fhaisnéis/Togra/Tairiscint), do Bheartas um Bogearraí & Seirbhísí 3ú Páirtí **BOOÁCDL** chun a chinntiú go bhfuil sé fite isteach sa tsonraíocht agus curtha san áireamh in aon mheastacháin ar chostas. Mar réamhriachtanas, tá gá le critéir agus chaighdeáin chibearshlándála **BOOÁCDL** a chomhlíonadh.

9) Féadfar measúnú riosca cibearshlándála a dhéanamh ar sheirbhísí a sholáthraítear ar bhonn bliantúil i gcomhréir le nósanna imeachta Measúnaithe Riosca **BOOÁCDL [Aguisín A].** Ní mór gach riosca reatha a chomhdhlúthú laistigh den phróiseas athbhreithnithe riosca atá ann cheana. Féadfar na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa mheasúnú riosca sin:

   **a.** An cineál faisnéise a bhfaightear rochtain uirthi (aicmiú sonraí agus méid *etc.*);
   **b.** Na rialuithe cibearshlándála a chuir an tríú páirtí chun feidhme, agus na deimhnithe slándála a d'fhéadfadh a bheith aige;
   **c.** Ceanglais dhlíthiúla agus oibleagáidí conarthacha;
   **d.** Ba cheart na rialuithe riachtanacha a sainaithníodh sa mheasúnú riosca a chur san áireamh sna comhaontuithe le tríú páirtithe nó i gcás ina bhfuil conradh i bhfeidhm cheana féin, ba cheart iad a chomhroinnt d'fhonn go laghdódh an tríú páirtí an riosca / go gcuirfeadh sé deireadh leis.

10) Sa chás go soláthraítear cianriarachán/cianchothabháil, ní mór go ndeimhneoidh an tríú páirtí nach bhfuil aon chúpláil líonra custaiméirí dhíreach nó indíreach trína bhonneagar líonra bainistíochta/riaracháin.

11) I gcás ina bhfuil sí ceadmhach, ba cheart cianrochtain le haghaidh cothabháil soláthraí nó críocha diagnóiseacha maidir le **BOOÁCDL** a rialú go docht chun cibearshlándáil an chórais a chosaint. Ní mór go bhfaighfear réamhúdarú ón Rannóg TFC in **BOOÁCDL** agus ba cheart go mbeadh an tréimhse sin teoranta don

am a theastódh chun an tseirbhís riachtanach a dhéanamh. Ní mór go gcloífidh cianrochtain ar fad ar chórais **BOOÁCDL** le modh cianrochtana ceadaithe agus go mbeadh sí de réir na gCaighdeán Bonnlíne um Chibearshlándáil.

12) Ní mór aon ghníomhaíocht amhrasach a thuairisciú do Rannóg TFC BOOÁCDL gan mhoill trí itsupport@ddletb.ie nó trí uimhreacha fóin póca arna soláthar ag Rannóg TFC BOOÁCDL do phríomhbhaill den phearsanra.

13) Ba cheart do **BOOÁCDL** liosta de gach seirbhís TFC a sheachfhoinsítear a choinneáil, lena n-áirítear údarú ón bhainisteoir líne ábhartha chun seachfhoinsiú.

**Comhaontú Leibhéal Seirbhíse**

Ní mór go mbeidh conradh sínithe agus/nó Comhaontú Seirbhíse (SLA) i bhfeidhm idir BOOÁCDL agus an tríú páirtí le haghaidh na bpríomhchóras. Is dea-chleachtas iad na critéir seo a leanas agus féadfar iad a chur san áireamh i gconradh i gcomhair seirbhíse nó in SLA nuair is iomchuí:

- **a.** Ní mór go mbeidh conradh sínithe agus/nó SLA i bhfeidhm;
- **b.** Ráiteas comhlíontachta maidir le beartais agus nósanna imeachta Bonnlíne Cibearshlándála
- **c.** Ní mór go gcuirfear san áireamh sa chonradh ceart don BOO iniúchadh a dhéanamh ar an tríú páirtí, nó socrú lena iniúchadh, rud lenar féidir monatóireacht ar chomhlíonadh a chuimsiú i gcásanna áirithe;
- **d.** Ní mór go n-áireofar Comhaontú um Neamhnochtadh (NDA) oiriúnach sa chonradh; - más féidir, ba cheart gurb é sin NDA caighdeánach de chuid BOOÁCDL atá ar fáil ó Sheirbhísí Corparáideacha BOOÁCDL
- **e.** Ní mór go sainmhíneofar freagrachtaí slándála go soiléir;
- **f.** Nós imeachta fógra agus bainistíocht teagmhais slándála;
- **g.** I gcás naisc líonra leis an tríú páirtí nó uaidh (nó aon fhochonraitheoir); ní mór go gcomhlíonfaidh an nasc beartais chianrochtana BOOÁCDL;
- **h.** I gcás ina bhféadfar bogearraí nó sonraí a aistriú ar chórais BOOÁCDL mar thoradh ar dhéileálacha, ní mór go n-áireofar sa chonradh an ceanglas ar an soláthraí na bogearraí agus na sonraí go léir den sórt sin a scanadh leis na bogearraí cosanta ar víris is déanaí **sula** n-aistreofar iad chuig BOOÁCDL**;** Faisnéis a thabhairt ar ais nó a scriosadh ar chríochnú an chomhaontaithe;
- **i.** Nós imeachta bainistíochta a aistriú;
- **j.** Leibhéal seirbhíse agus táscairí paraiméadar inghlactha;
- **k.** Tuarascálacha leantacha ar leibhéal seirbhíse, chomh maith le pionósú i gcás neamhchomhlíonadh na bparaiméadar comhaontaithe;
- **l.** Beartas rialaithe rochtana le haghaidh faisnéise agus na gcóras ina bpróiseáiltear faisnéis den sórt sin;
- **m.** Ní mór go gcomhaontófar Comhaontuithe um Próiseáil Sonraí (DPA) chun dícheall cuí agus príobháideachas sonraí pearsanta a chinntiú, lena mbunaítear róil agus freagrachtaí do rialaitheoirí sonraí, próiseálaithe sonraí agus fophróiseálaithe;
- **n.** Aon mholtaí a eascraíonn ó rioscaí a sainaithníodh le linn Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA);

**o.** Sa chás go soláthraítear cianriarachán/cianchothabháil, ní mór don tríú páirtí a dheimhniú nach bhfuil aon chúpláil líonra custaiméirí dhíreach nó indíreach trína bhonneagar líonra bainistíochta/riaracháin.

Nuair a sheachfhoinsítear forbairt córais shaincheaptha chuig tríú páirtí, ní mór go mbeidh na pointí seo a leanas sa chonradh scríofa, chomh maith leo siúd atá sonraithe i bpointí thuas:

- **a.** Ba cheart go mbeadh úinéireacht, cearta maoine intleachtúla agus comhaontuithe ceadúnaithe na mbogearraí forbartha sainmhínithe go soiléir;
- **b.** Ba cheart go mbeadh riachtanais slándála feidhmchláir sainmhínithe go soiléir;
- **c.** Ba cheart go mbeadh comhlíonadh na gceanglas slándála ábhartha sainmhínithe agus go ndéanfaí monatóireacht air;
- **d.** Ba cheart cáilíocht agus slándáil na mbogearraí seachadta a ráthú le conradh, ina gcuirfí freagracht ar an tríú páirtí as aon díobhálacha a thabhaigh an chuideachta de bharr lochtanna sna bogearraí;
- **e.** Síneoidh na tríú páirtithe comhaontuithe rúndachta agus neamhnochta agus comhaontú próiseála sonraí nuair is iomchuí;
- **f.** Sa chás go soláthraítear an córas trí óstáil tríú nó ceathrú páirtí, is gá eolas a thabhairt faoi nósanna imeachta athshlánaithe ó thubaistí.

# 4 Forfheidhmiú

Féadfaidh baill foirne de **BOOÁCDL** a chinntear gur sháraigh siad an beartas seo a bheith faoi réir beart araíonachta, go dtí foirceannadh conartha nó dífhostú agus iad sin san áireamh, nuair is iomchuí.

Má chinntear i bhfiosrúchán maidir le comhlíonadh an bheartais seo go bhfuil cás ann le freagairt ag Úsáideoir / tríú páirtí freagrach, treorófar an t-ábhar chuig céim iomchuí den nós imeachta ábhartha de réir mar is iomchuí don Úsáideoir sin / don tríú páirtí freagrach sin.

# 5 Tagairtí

## 5.1 Tagairt A Tagairtí Seachtracha

| | | |
|---|---|---|
| ISO2700, caighdeán idirnáisiúnta chun slándáil faisnéise a bhainistiú. | ISO/IEC 27031 lena soláthraítear treoir maidir leis na coincheapa agus na prionsabail atá taobh thiar den ról Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide chun leanúnachas gnó a chinntiú. | PCI-DSS, is éard atá i gCaighdeán Slándála Sonraí an Tionscail Cárta Íocaíochta (PCI DSS) ná caighdeán slándála faisnéise a úsáidtear chun cártaí creidmheasa ó mhórbhrandaí cártaí a láimhseáil. |
| An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 agus Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí | Leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, cuirtear oibleagáidí dlíthiúla ar ghairmithe agus ar eagraíochtaí a oibríonn le leanaí chun iad a chosaint agus chun aon ábhair imní maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí a thuairisciú. | |

## 5.2 Tagairt B Tagairtí Inmheánacha

| **Foireann Ardcheannaireachta** | | |
|---|---|---|
| Cás Gnó a Fhaomhadh | | |
| **Seirbhísí Corparáideacha** | **Roinn TFC** | **Roinn Airgeadais** |
| An gá Ráiteas Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA)<br><br>Tástáil Réamhscagtha | Faomhadh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) | Crann Cinntí Soláthair |
| Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí | Measúnú Teicniúil<br><br>Úsáid | Beartas Soláthair |
| Measúnú dlíthiúil más gá<br><br>Clár Bogearraí | Leanúnachas Gnó/CS um Chosaint Sonraí | Cumraíocht le haghaidh P2P |

## 5.3 Tagairt C An Caighdeán Eorpach um Inrochtaineacht Dhigiteach

Is é EN 301-549 an caighdeán Eorpach a bhaineann le hinrochtaineacht dhigiteach. Sainordaítear leis an gcaighdeán seo go gcaithfidh gach Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) san earnáil phoiblí a bheith inrochtana go hiomlán. Is cuma cén míchumas a bhféadfadh duine a bheith faoi, ba cheart go mbeadh sé/sí in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis chéanna agus atá daoine gan mhíchumais in ann a fháil.

Ceanglófar ar gach soláthraí táirgí agus Seirbhísí TFC measúnú a dhéanamh ar an táirge nó ar an tseirbhís maidir le EN301-549.

## 5.4 Tagairt D Soláthar Poiblí Glas

Is éard atá i Soláthar Poiblí Glas (GPP) ná próiseas lena ndéanann údaráis phoiblí iarracht earraí, seirbhísí nó oibreacha a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu a fhoinsiú. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe Ciorclán 20/2019 maidir le húsáid na mbreithnithe comhshaoil agus sóisialta i soláthar poiblí a chur chun cinn.

# 6 Aguisíní

## 6.1 Aguisín A Caighdeáin Bhonnlíne um Chibearshlándáil le haghaidh sheirbhísí TFC an Rialtais

Tá Caighdeáin Bhonnlíne um Chibearshlándáil le haghaidh sheirbhísí TFC an Rialtais forbartha ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC), i gcomhar le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Foilsíodh na caighdeáin seo mar chuid de ghealltanas na Straitéise Náisiúnta Cibearshlándála 2019-2024 chun caighdeán slándála inghlactha a chruthú agus creat leathan a dhéanamh le haghaidh sraith beart is féidir a athbhreithniú le himeacht ama1.

Ní mór na bogearraí agus na seirbhísí molta go léir a thagarmharcáil in aghaidh na gcaighdeán Bonnlíne um Chibearshlándáil mar atá foilsithe ag NCSC,

Iarrtar i measúnú TFC BOOÁCDL faisnéis ar fud roinnt réimsí, lena n-áirítear iad seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh;

- Beartais 3ú Páirtí
- Criptiú
- Rialuithe Rochtana Feidhmchláir
- Coinneáil Sonraí
- Rialuithe Rochtana
- Sláine Sonraí
- Rochtain Líonra BOOÁCDL
- Ionad Sonraí
- Rochtain ar Shonraí BOOÁCDL
- Dea-chleachtas TFC
- Ailtireacht TFC

## 6.2 Aguisín B Próiseáil Leanúnachais Gnó/Athshlánú ó Thubaistí

Thug BOOÁCDL eolas faoi Cheanglais maidir le Próiseáil Leanúnachais Gnó/Athshlánú ó Thubaistí le haghaidh gach seirbhíse in SLA ina n-áireofar na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh

- Na cineálacha seirbhísí a sholáthraítear, conas a dhéanfar tomhas ar an tseirbhís, tréimhse thomhais, fad, suíomh agus amlínte tuairiscithe (rátaí lochtanna, aga freagartha, uaireanta foirne deisce cabhrach etc.)
- Suímh ina ndéanfar na seirbhísí
- An cineál cáipéisíochta atá ag teastáil le haghaidh feidhmchlár, seirbhísí, bonneagair
- Rialú Athruithe, eisiúintí nua, feidhmiúlacht nua, sceideal paiste, córais tástála atá ar fáil

- Minicíocht Cúltacaí, roghbhlúirí
- Paraiméadair athshlánaithe sonraí lena n-áirítear RPO (Sprioc Pointe Athshlánaithe), RTO (Sprioc Aga Athshlánaithe) & MTPD (Tréimhse Bhunathraithe Infhulaingthe Uasta)
- Pleananna BCP (Leanúnachais Gnó)/DR (Athshlánú ó Thubaistí) a thástáil
- Plean BCP/DR a thagarmharcáil in aghaidh ISO/IEC27031 nó a leithéide

- Doiciméad deartha córais mionsonraithe a sholáthar le haghaidh BCP/DR ina n-áireofar gach gné a sheachfhoinsigh an soláthraí seirbhíse

- Straitéis scoir curtha i bhfeidhm maidir le BCP/DR lena n-áirítear aistriú deiridh sonraí ag an bhfoirceannadh agus modhanna agus formáidí seachadta sonraí
- Straitéis aistrithe le haghaidh BCP/DR ar eagla go mbeadh úinéir nua i gceannas ar an soláthraí seirbhíse nó go gcuirfí deireadh lena oibríochtaí

- Clásail Dreasachta agus Phionóis

- Ceart chun iniúchadh a dhéanamh agus/nó tuarascálacha a fháil maidir le tuarascálacha ar iniúchtaí neamhspleácha nó inmheánacha ar BCP/DR

- Leithdháileadh freagrachtaí idir BOOÁCDL agus an soláthraí seirbhíse lena n-áirítear gníomhartha le déanamh i gcás BCP/DR

## 6.3 Aguisín C Príomhchéimeanna maidir le Bogearraí agus Seirbhísí Tríú Páirtí a Fháil

| Céimeanna | Rannóg Fhreagrach | Réimse | Nóta Tráchta |
|---|---|---|---|
| **1.** | Scoileanna, Ionaid, Coláistí, Seirbhísí BrOO | Ní mór go gceadóidh SLT cás gnó. | Caithfidh scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí BOO dul i mbun plé le SLT iomchuí dá gcuid.<br><br>Marcálfaidh an Rannóg TFC chuig Ceannoifig SLT nuair is iomchuí. |
| **2.** | An Rannóg TFC | Is gá faomhadh DPER a fháil maidir le mórchaiteachas tionscadail > €25K.<br><br>Ciorclán 02/16: Socruithe le haghaidh Caiteachas Digiteach agus Caiteachais a bhaineann le TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí | TFC chun Stiúrthóir OSD a chur ar an eolas. |
| **3.** | An Rannóg TFC | Measúnú Teicniúil An Rannóg TFC.<br><br>Ní mór formheas a fháil ón Rannóg TFC chun bogearra & seirbhísí a cheannach. | Tagarmharc in aghaidh caighdeáin Bhonnlíne um Chibearshlándáil.<br><br>Áirítear le beartas TFC<br>▪ Síniú Isteach Singil a úsáidtear cuntais M365 (cónasctha le BOOÁCDL)<br>▪ Cóipeanna ceadúnaithe amháin de bhogearraí (seachas leaganacha saora)<br>▪ Néalseirbhísí a óstáiltear laistigh den AE |
| **4.** | Seirbhísí Corparáideacha | Measúnú RGCS | An bhfuil socruithe RGCS ann cheana féin?<br><br>Tá DPIA de dhíth chun ceanglais RGCS a bhunú.<br><br>Féadfar comhaontú Próiseála Cosanta Sonraí a cheangal. |
| **5.** | Soláthar | BOOÉ, HEAnet, OGP (Oifig um Sholáthar Rialtais) nó creat BOOÁCDL? | Tá caiteachas iomlán le soláthraí ar fud BOOÁCDL ar fad i bhfeidhm.<br><br>Féadfar nach mbeidh sé indéanta an creat reatha a leathnú chuig réimse nua |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6.** | Dlíthiúil | An bhfuil impleachtaí dlíthiúla ag na bogearraí do BOOÁCDL?<br><br>Féadfaidh gá a bheith le treoir LSSU (Aonaid Tacaíochta um Sheirbhísí Dlí). | Ceanglais reachtúla mar shampla amhail an tACHT OIDEACHAIS (LIGEAN ISTEACH I SCOILEANNA), 2018. |
| **7.** | An Rannóg TFC | Úsáid bogearraí | SLA de dhíth le soláthraí<br><br>Ní mór go gcloífidh comhaontú leis an mBeartas um Bogearraí & Seirbhísí Tríú Páirtí |
| **8.** | Seirbhísí Corparáideacha | Cur leis an gClár Bogearraí | Rianaíonn BOOÁCDL gach úsáid bogearraí chun críocha rialachais etc. |
| **9.** | Seirbhísí Corparáideacha | Comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 & 2021. | Ní mór go gceadófar i gcórais TFC taifeadadh agus úsáid ainm, seolta nó teidil duine sa Ghaeilge. |
| **10.** | Ciste & Íocaíochtaí | A bhunú laistigh den Roinn Airgeadais. | Deimhniú imréitigh cánach mar shampla.<br><br>Lasmuigh den AE & den euro níos casta.<br>Ní cheadaítear íocaíochtaí Dochair Dhírigh nó cárta creidmheasa. |
| **11.** | Seirbhísí Corparáideacha | Comhlíonadh na Treorach maidir le hInrochtaineacht Gréasáin (Treoir (AE) 2016/2102 | Riachtanais inrochtaineachta le haghaidh Suímh Ghréasáin, Doiciméad agus Feidhmchláir Mhóibíleacha. |